



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséal, 1 Meitheamh 2021
(OR. en)

8521/21

Comhad Idirinstiúideach:
2021/0074(NLE)

ACP 32
FIN 334
PTOM 7
DEVGEN 83

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, i gCoiste Ambasadóirí ACC-AE, a mhéid a bhaineann le leasú ar Chinneadh Uimh. 3/2016 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE maidir leis an Ionad um Fhorbairt Fiontraíochta

CINNEADH (AE) 2021/... ÓN gCOMHAIRLE

an ...

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais,
i gCoiste Ambasadóirí ACC-AE, a mhéid a bhaineann le leasú
ar Chinneadh Uimh. 3/2016 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE
maidir leis an Ionad um Fhorbairt Fiontraíochta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 209(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta idir comhaltaí Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, arna shíniú in Cotonou an 23 Meitheamh 2000¹,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

¹ IO L 317, 15.12.2000, lch. 3.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Luaitear in Airteagal 15(4) den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir Comhaltaí Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, arna shíniú in Cotonou an 23 Meitheamh 2000¹ ('Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE') go bhféadfaidh Comhairle Airí ACC-AE cumhachtaí a tharmligean chuig Coiste Ambasadóirí ACC-AE.
- (2) Ag an 39^ú seisiún de Chomhairle Airí ACC-AE, a réachtáladh an 19 agus an 20 Meitheamh 2014 in Nairobi, chomhaontaigh siad, i nDearbhú Comhpháirteach, chun leanúint le dúnadh ordúil an Ionaid um Fhorbairt Fiontraíochta (CDE). Chun na críche sin, chinn Comhairle Airí ACC-AE cumhachtaí a tharmligean chuig Coiste Ambasadóirí ACC-AE chun an t-ábhar a thabhairt chun cinn d'fhonn na cinntí is gá a ghlacadh.
- (3) An 12 Iúil 2016, ghlac Comhairle Airí ACC-AE Cinneadh Uimh. 3/2016² lena leasítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE chun na hathruithe is gá a thabhairt isteach, chun an creat dlíthiúil nua CDE a bhunú ón 1 Eanáir 2017, agus chun pearsantacht dhlítheanach CDE a choimeád, chun críocha a leachtaithe agus chun na críche sin amháin, amhail ón dáta sin.

¹ Comhaontú Comhpháirtíochta idir Comhaltaí Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, arna shíniú in Cotonou an 23 Meitheamh 2000 (IO L 317, 15.12.2000, lch. 3).

² Cinneadh Uimh. 3/2016 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE an 12 Iúil 2016 maidir leis an athbhreithniú ar Iarscríbhinn III a ghabhann le Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE [2016/1163] (IO L 192, 16.7.2016 lch. 77).

- (4) De bhun Airteagal 2(1) de Chinneadh 3/2016, tá Coimeádaí le cur chun feidhme na céime éighníomhaí a áirithiú, ar ann don CDE chun críocha a leachtaithe agus chun na críche sin amháin, ón 1 Eanáir 2017 go ceann tréimhse ceithre bliana, nó go dtí go mbeidh a dhliteanais go léir socraithe ag CDE agus go dtí go mbeidh a shócmhainní go léir réadaithe aige, cibé acu is túsce a tharlóidh.
- (5) Faoi 31 Nollaig 2020, ní raibh a dhliteanais go léir socraithe ag CDE ná a shócmhainní go léir réadaithe aige. Dá bhrí sin, is gá Cinneadh 3/2016 a leasú chun cur chun feidhme cuí na céime éighníomhacha faoi bhainistíocht an Choimeádaí a áirithiú agus chun an céim sin a dhúnadh. Chun leanúnachas na céime éighníomhacha a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag an leasú ar Chinneadh 3/2016 ó 1 Eanáir 2021.
- (6) Tá Coiste Ambasadóirí ACC-AE chun an leasú ar Chinneadh Uimh. 3/2016 a ghlacadh ag ceann dá cuid cruinnithe, nó trí nós imeachta i scríbhinn.
- (7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Ambasadóirí ACC-AE a bhunú, ós rud é go mbeidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Is é seo a leanas an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Ambasadóirí ACC-AE a mhéid a bhaineann le CDE:
 - an méid seo a leanas a chur in ionad Airteagal 2(1) de Chinneadh 3/2016 de Choiste Ambasadóirí ACC-AE:
 - ‘1. Déanfaidh an Coimisiún Eorpach conrú do Choimeádaí chun cur chun feidhme na céime éighníomhaí a áirithiú ón 1 Eanáir 2017 go dtí go mbeidh a dhliteanais go léir socraithe ag CDE agus go mbeidh a shócmhainní uile go léir réadaithe aige’;
 - go mbeidh feidhm ag cinneadh Choiste Ambasadóirí ACC-AE lena leasaítear Cinneadh 3/2016 ón gCoiste sin ón 1 Eanáir 2021.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Tar éis a ghlactha, foilseofar an Cinneadh ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*
